# Glór

BUANÚ AGUS NEARTÚ NA GAEILGE SAN IARTHUAISCIRT

**Eagrán 001** **Márta 2022**





Ba mhaith linn comhghairdeas mór a ghabháil le achan duine a ghlac páirt sa drama ‘Ar Thóir M’Anama’ a bhí mar pháirt don Féile ‘Éigse Uladh’ a rinne comóradh ar shaol agus oidhreacht Cholmcille. Tréaslaíonn muid fosta le duine ar bith a bhí páirteach sa fhéile ar dhóigh ar bith.



## Seanfhocal

Tír gan teanga
tír gan anam


**Ba mhaith linn tabhairt le fios go bhfuil roinnt acmhainní curtha le chéile againn a rachadh chun sochair do theaghlaigh agus do ranganna Gaeilge. Scaipigí an scéal le bhur dtoil go bhfuil an tacaíocht ar fail uainne do fhoghlaimeoirí. Bí i dteagmháil linn sa Chrannóg nó buail isteach. Fáilte romhaibh uilig!**

## Buaiteoirí Cainteoir Gaeilge na Seachtaine i gClub Óige Chnoc Fola

Imeachtaí seachtain na Gaeilge tháinig Arty Fox ar an 2/3/2022 agus ar an 9ù Márta 2022 bhí seó ann le Polcaphonc.




Ba mhaith linn comhghairdeas a ghabháil le Noeleen Ní Cholla a cheol in Nantes sa Fhrainc ar Lá Fhéile Pádraig! Maith thú Noeleen!




Bhí an scannán 'The Queen vs Patrick O' Donnell le feiceáil ar TG4 Dé Céadaoine an 16ú Márta. Rinne Eoghan Mac Giolla Bhríde as an cheantar seo páirt an príomh-charactair Padaí Mhícheáil Airt agus ghlac Brídín Ní Mhaoldomhnaigh páirt ann chomh maith!. Comhghairdeas libh uilig a bhí páirteach sa scannán agus go háirithe iad siúd as an cheantar seo!



## Logainmneacha

Tá thar 20 taifead amuigh go poiblí againn anois mar pháirt don sraith atá ar bun againn ag an bhomaite ar chúrsaí logainmneacha. Tá na taifid seo le fáil ar suíomheanna gréasáin Facebook, Twitter agus Instagram Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt (MPTIT) nó tríd an nasc seo thíos:

Logainm an Luain • A podcast on Anchor

Más mian le duine ar bith páirt a ghlacadh sa tsraith seo, thig glaoch a chur ar John Ó Fearraigh (0876943804) atá ag obair mar Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga sa Chrannóg.

Go raibh maith agaibh.

Ba mhaith linn comhghairdeas mór a ghabháil le foireann pheil gaelach Pobalscoil Ghaoth Dobhair faoi stiúir Tomás Ó Gallchóir atá anois mar Seaimpiní Uladh Faoi 14. Bhí an bua acu ar Scoil Aodán Naofa, Muineacháin i gCluiche Ceannais Uladh leis an scór deiridh 4 -04 1 -08.



Ba mhaith linn comhghairdeas mór a ghabháil leis an cheoltóir aitheanta Mairéad Ní Mhaonaigh as ucht í a bheith insealbhaithe mar Ealaíontóir Cónaithe i G-Teic Ghaoth Dobhair ar an Aoine an 4ú Márta.

D'eagraigh Mairéad ócáid shóisialta ina labhair sí faoina saol agus faoina saothar ar an Aoine ina dhiaidh sin an 11ú Márta. Maith thú Mairéad!




Bhí deireadh seachtaine na Gaeilge a cheiliúradh in Áislann Rann na Feirste le gairid mar pháirt do Sheachtain na Gaeilge. Maith sibh!



14 DONEGAL NEWS — NEWS — Monday, March 14, 2022

Stephen O'Donnell was presented with the Pearsa Rann na Feirste award at Deireadh Seachtaine na Gaeilge on Friday night. He is pictured with his wife Brid, sons Stephen and Damien and grandchildren Ultan and Ruadhan.
PICTURES: EOIN MC GARVEY

# Rann Na Feirste celebrates Seachtaine na Gaeilge

Niall Mac Eachmharcaigh, Rose Ni Dhonaill, Michelle Nic Grianna and John O'Donaill at the opening of Deireadh Seachtaine na Gaeilge in Rann na Feirste.

The Dohertys, Niall, Tracy, Zoey, Corey and Miley at the opening of Deireadh Seachtaine na Gaeilge in Rann na Feirste.

Zita Mc Devitt (right) was the overall winner of the DSnaG Rann na Feirste art competition receiving her prize from Sarah Jane Boyle.

Rosanna Ni Dhonaill (right) making a presentation of flowers to Michelle Nic Grianna, mc at Deireadh Seachtaine na Gaeilge in Rann na Feirste.

Roisin Nic Daibhid and Malachy Mac Cionnaith at Deireadh Seachtaine na Gaeilge in Rann na Feirste.

Frances Roarty and Sarah Jane Boyle helping out at Deireadh Seachtaine na GAeilge in Rann na Feirste.

Aodh Mac Ruairi speaking as he launched Deireadh Seachtaine na Gaeilge in Rann na Feirste at the weekend.

## Cur aithne ar Katie



**Ainm**: Katie Ní Ghadhra

**Post**: Múinteoir Bunscoile

**Caitheamh Aimseartha:** Ag bácáil, ceol agus ealaín

**Bia**: Sceallóga

**Ceol:** The Script

**Scannán:** Bridesmaids

**Leabhar:** The Boy, the Mole, the Fox and the Horse

**Meáin shóisialta:** Instagram

**Laoch:** Vicky Phelan

**Oíche amuigh:** Café En Seine

**Cuireadh chuig cóisir:** Rebel Wilson, Lewis Capaldi & Joanne McNalley

**Laethanta saoire**: An Phortaingéil

**Seanfhocal:** An áit a bhfuil do chroí is ann a thabharfas do chosa thú

**Mana saoil:** A bheith cineálta leat féin, do dhaoine eile agus don domhan!

**Irish Language Classes**

If you would like to brush up on your Irish or are a complete learner, the following centres in your area will have up to date information on classes catering for all abilities and ages.

An Crannóg , Derrybeg (0749532208) Muintearas (0749532578) & Acadamh (091494657) Páirc Gnó. Ionad Naomh Pádraig, Dore. (0749562222) Teach Niall Ó Domhnaill, Lochanure (0863899345)

Any other information or advice, contact The Language Planning Office at 0749560620

Keep up to date with these centres on Facebook

## Apps Gaeilge

Four Popular Irish Language Learning Apps

1. Cúla 4 2. Nemo

3. Duolingo 4. Enjoy Irish

Sheasaigh Pobalscoil Ghaoth Dobhair an fód ar son na Gaeilge le gairid, mar chuid de imeachtaí Sheachtain na Gaeilge. "Is linn uilig an Ghaeilge agus níl sí trom le hiompar" a dúirt siad. Tá moladh mór tuillte ag na scolairí ar son an iarracht agus dúthracht atá siad ag cur isteach i leith na teanga. Maith sibh! #SnaG2022




## Labhair í agus mairfidh sí!

Meitheal Pleánála Teanga an Iarthuaiscirt,

An Crannóg,

Srath na Corcra,

Doirí Beaga,

Leitir Ceanainn,

Co. Dhún na nGall

Fón: 0749560620/ 0872491101

mpt.iarthuaiscirirt@gmail.com

www.mptiarthuaiscirt.ie